

❖ An Lúibín ❖

19 Aibreán 2014

Seirbhís nuachta gan mhaoiniú

Tá deireadh le cur le Gaelport.com, foinse thábhachtach nuachta faoi gach a mbaineann leis an nGaeilge. Is éard atá ann ná scéalta a bhailítear ó nuachtáin agus eile ar feadh na seachtaine – gach dea-scéal, drochscéal agus piósa díospóireachta. An drochscéal atá anois ann baineann sé le cinneadh a rinne Foras na Gaeilge (príomhfhoras maoinithe na teanga) gan tacaíocht a thabhairt ach do shé ‘cheanneagraíocht’ Ghaeilge feasta. Nil Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge ar an liosta beannaithe, faraor, agus is í an Chomhdháil a thugann maoiniú do Gaelport.com.

Ba mhaith an rud é, ó thaobh fhoireann Gaelport de, dul i mbun oibre faoi choimirce eagraíochta eile, ach níl a fhios ag na ceanneagraíochtaí a tháinig slán cé na hacmhainní a bheidh acu i ndiaidh 30 Meitheamh 2014.

Tá Conradh na Gaeilge ar na ceanneagraíochtaí úd agus bhíothas ag súil go mb’fhéidir leis an gConradh Gaelport.com a ghlacadh chuige, ach dealraíonn sé nach mbeadh an Foras sásta an tseirbhís a chothú, cuma cén dream a bheadh á riar. Faigheann Gaelport.com breis is milliún amas in aghaidh na bliana agus is iomaí duais a bhain sé. Ach tá dualgas nua leagtha ar an gConradh: *Suíomh tairisigh a fhorbairt agus a choinneáil cothrom le dáta.* Tíocfaidh rud éigin de sin.



Nuachtán nua Gaeilge ar líne

Tá sé socair ag Foras na Gaeilge gurb é an comhlacht Tuairisc.ie a bhain conradh chun nuachtán seachtainiúil Gaeilge ar líne a chur ar fáil. Tíocfaidh sin in áit an dá nuachtán chlóite Gaeilge a chlis anuraidh, *Gaelscéal* agus *Foinse*. Ar an Spidéal i gConamara atá Tuairisc.ie lonnaithe, agus seantaithí ar an obair ag a cuid iriseoirí (Seán Tadhg Ó Gairbhí, Micheál Ó Cinnéide, Seán Ó Mainnín, Emer Ní Dhomhnaill agus Ciarán Ó Súilleabháin). Rinneadh conradh ceithre bliana ar fiú €1.2 milliún (€300,000 in aghaidh na bliana) é.

Nuachtán seachtainiúil atá i gceist agus é saor ó tháille. Ábhar scríofa is mó a bheidh ann. Beidh naonúr ag obair ann, idir lánaimseartha agus pháirtaimseartha, agus roinnt saor-iriseoirí ag scríobh colún. B’fhearr lena lán iriseoirí agus léitheoirí leagan clóite a bheith ann freisin, ach b’fhearr leis an bhForas, is dócha, an costas a sheachaint.

Is gearr, ar ndóigh, ó cuireadh deireadh leis an maoiniú do na hirísí *Feasta*, *An tUlltach*, agus *NósMag* agus na suímh *Beo.ie* agus *Saol.ie* (*An Lúibín* 1/4/2014). Áiseanna iad a bhfuil teacht ag Gaeilgeoirí an domhain orthu. Is beag an cúiteamh ar an gcaillteanas an nuachtán nua, cé go mbeidh fáilte ag Gaeilgeoirí as gach cearn roimhe.



Scoileanna Ian-Ghaeilge

<http://www.gaelscoileanna.ie/schools/learscailmap/>

Léarscáil an-suimiúil í seo de na háiteanna in Éirinn a bhfuil scoileanna Ián-Ghaeilge iontu. Dath dearg atá ar iarbhunscoileanna agus dath buí atá ar bhunscoileanna.

Is léir go bhfuil meáchan na gaelscolaíochta le fáil in oirthear na tíre, go háirithe timpeall Bhaile Átha Cliath, cé gur beag contae sa chuid eile den tír nach bhfuil gaelscoil le fáil ann. Baineann an léarscáil leis an scéal mar a bhí sa bhliain 2012.



Cainteoirí na Gàidhlig

Bhí 5,313,600 duine ina gcónaí in Albain sa bhliain 2011, de réir dhaonáireamh na bliana sin. Bhí labhairt na Gàidhlig ag 58,652 duine os cionn trí bliana d'aois. Bhí a bhformhór le fáil in Inse Ghall. Tháinig laghdú 7,300 duine ar a líon ón mbliain 1991 amach, ach tá méadú tagtha ar an líon cainteoirí óga.

Níl aon pharóiste sna hEileanan Siar (*na hOileáin Thiar*) a bhfuil céatadán cainteoirí Gàidhlig níos airde ná 75% ann, agus níl níos mó ná 25% in aon pharóiste ar an mór-roinn. Tá 50% ar a laghad i ngach paróiste sna hEileanan Siar (*na hOileáin Thiar*). Sna hEileanan a-Staigh (*na hOileáin Istigh*) tá 49% i dTiriodh, 36% in Eilean Sgitheanach, 36% in Rathasair agus 28% i Lios Mòr.

Tá mórán cainteoirí Gàidhlig ina gcónaí i nGlaschú, i nDún Éideann, in Obar Dheathain agus in Inbhir Nis, agus tá timpeall 20% de lucht na Gàidhlig le fáil i mórcheantar Ghlaschú.

Bhí cainteoirí Gàidhlig ag teacht chun na gcathrach ón 17ú haois amach; tháinig i bhfad níos mó ó lár an 18ú haois amach de bharr saol Inse Ghall agus na nGarbhchríocha a bheith chomh suaite sin ag an am. Chuir a bhformhór fúthu i nGlaschú. Sa bhliain 1881 bhí os cionn 11,000 cainteoir Gàidhlig ann; faoin mbliain 1903 bhí timpeall 18,500 ann. Ar scáth a chéile a mhairidís; gaolta ag cuidiú le chéile, ag fáil lóistín agus postanna dá chéile. Bhí obair le fáil ar na duganna, i longa agus ar bháid farantóireachta agus chuir daoine ó cheantair éagsúla cumainn chomhchabhrach ar bun.

Tá 61 bunscoil leath-Ghàidhlig ann agus timpeall dhá mheánscoil déag Ián-Ghàidhlig. Osclaíodh an chéad meánscoil Ián-Ghàidhlig, Sgoil Ghàidhlig Ghlaschu, sa bhliain 2006. Faoi láthair tá scoil nua Ián-Ghàidhlig á tógáil i mButhan Phollaig i nGlaschú agus slí inti do dhá chéad dalta. I nDún Éideann tá Bun-Sgoil Taobh na Pairc ann agus os cionn 213 dalta inti. Tá Gàidhlig ag na feighlithe agus ag an bhfoireann ceaintín féin. (Cuimhnimis nach ndearna The Education (Scotland) Act 1872 tagairt ar bith don teanga; tá dul chun cinn déanta.)

Bliain	Daltaí atá á múineadh trí Ghàidhlig	Céatadán (as daltaí uile na tíre)
2010	2,647	0.39%
2011	2,929	0.44%
2012	2,871	0.43%
2013	2,953	0.44%

D'ainneoin a bhfuil ar siúl i gcúrsaí ealaíne agus oideachais trí Ghaeilge, is beag méadú a tháinig ar líon na gcainteoirí sna cathracha móra: 0.03% i nGlaschú agus 0.008% i nDún Éideann (sin cúig dhuine is fiche). Tharla an méadú is mó in áiteanna eile: méadú 35.4% i Moireabh, 37% in Inse Orc, 59.7% i Siorrachd Obar Dheathain.

Albain Nua

Tá Gàidhlig á labhairt fós ar Oileán Cheap Bhreatainn in Albain Nua Cheanada, in éineacht le Mí'kmaq (teanga na mBundúchasach) agus Fraincis. Ní fios go cruinn cá mhéad cainteoir dúchais Gàidhlig atá ann – 500 duine ar a laghad, is dócha, agus b'fhéidir 1,000 duine féin. Sa 19ú haois bhí timpeall 100,000 cainteoir sa réigiún: níl le fáil anois ach an fuíoll, seandaoine de shliocht an tslua a tháinig i dtír ón 18ú haois amach. Tá roinnt cainteoirí líofa ann a d'fhoghlaim an Ghàidhlig mar theanga bhreise, ach ní pobal Gàidhlig iad. Níl stádas oifigiúil ag an teanga, cé go bhfuil an Rialtas sásta tacaíocht a thabhairt di sa chúige.

Bhí doicheadall ag na húdaráis áitiúla roimh an teanga ar feadh i bhfad, ach rith sé leo sna caogaidí go raibh brabús le baint an an Albannachas i gcúrsaí turasóireachta. Bhí toradh eile air seo. Cuireadh Coláiste na Gàidhlig (<http://www.gaeliccollege.edu/>) ar bun chun an teanga, an ceol agus na ceirdeanna a mhúineadh, agus tá Gàidhlig á múineadh i roinnt scoileanna.

Is treise Mí'kmaq agus an Fhraincis ná an Ghàidhlig; is fada buntuirim ann nach féidir Béarla agus teanga na nGael a shaothrú ar chomhchéim. Dá bhrí sin, agus rath na Gaeilge in Éirinn agus na Gàidhlig in Albain ag brath anois ar chainteoirí cathrach a bhfuil comhphobal leathan á chothú acu, tá sé á áitiú gur cóir an teanga a chothú sna limistéir uirbeacha.

Na Stáit Aontaithe

Sa bhliain 1735 bheartaigh The Trustees for Establishing the Colony of Georgia ar choilínigh a earcú sna Garbhchríocha, go háirithe toisc gur shaighdiúirí maithe iad a d'fhéadfadh an chríoch a chosaint ar na Spáinnigh agus ar na hIndiaigh. Bhí neart cainteoirí Gàidhlig eile ag cur fúthu in Carolina Thuaidh ón mbliain 1767 amach (deirtear gur fhoghlaim a gcuid sclábhaithe gorma féin an teanga) agus lean siad orthu ag teacht sna 1770í de bharr chruatan an tsaoil in iarthar na hAlban. Bhí siad ag teacht fós sa 19ú haois; chuir mórán fúthu i Siceagó, Nua Eabhrac, Detroit, Toronto, Duluth agus Bostún, agus chuaigh cuid eile níos faide siar.

Rinne siad iarracht ar a ndúchas a chothú; bhí 'Highland societies' ann, agus bhí mórán léitheoirí i gCeanada agus in iarthar agus i dtuaisceart na Stát ag *Mac Talla*, tréimhseachán lán-Ghàidhlig a foilsíodh in Oileán Cheap Bhreatainn idir na blianta 1892 agus 1904.

Faoi láthair tá An Comunn Gàidhealach Ameireaganach ann (www.acgamerica.org) agus Mòd Naiseanta Ameireaga ar siúl acu gach bliain.

An Astráil

Thaispeáin daonáireamh Astrálach na bliana 2011 go raibh 805 duine ag labhairt Gàidhlig sa bhaile (le hais 1,895 ag labhairt Gaeilge). Ní gá a rá gur fomheastachán é sin agus a lán daoine ann a labhródh Gàidhlig lasmuigh den bhaile.

Is beag Béarla a bhí ag formhór na ndaoine a bhain an Astráil amach sa 19ú haois ó Inse Ghall agus ó na Garbhchríocha. Sna 1850í bhí nuachtán Gàidhlig, *An Teachdaire Gàidhealach*, á fhoilsiú i gcoilíneacht Victoria agus á scaipeadh sna coilíneachtaí eile. Bunaíodh cumainn chultúrtha ar nós Chomunn na Féinne, agus bhí cléir ann, idir Chaitlicigh agus Phrotastúnaigh, a d'fhreastail i nGàidhlig ar an bpobal.

Bhí cainteoirí Gàidhlig lánpháirteach sa tionscadal coilíneach. Is é an donas go raibh lámh mhór ag cuid acu i ndíbirt agus i marú na mBundúchasach, go háirithe in Gippsland in oirdheisceart na tíre, áit a ndearna siad ár ar na Kurnai.

D'imigh an chuid is mó den teanga le himeacht aimsire, ach tá eagraíocht bhríomhar, Comunn Gàidhlig Astràilia, ann fós (www.ozgaelic.org), cumann a bunaíodh sa bhliain 1905.

Le léamh:

Stádas oifigiúil na Gàidhlig: <http://www.papers.celtscot.ed.ac.uk/officialstatus.html>

Watson, Don. *Caledonia Australis: Scottish Highlanders on the Frontier of Australia*. Random House 2009.


Michael Newton, 'Revitalizing Gaelic in Nova Scotia' (29 Meán Fómhair 2013):
<http://virtualgael.wordpress.com/2013/09/29/revitalizing-gaelic-in-nova-scotia/comment-page-1/>

Michael Newton : Highland settlers : Scottish Highland Immigrants in North America
http://www.academia.edu/1773299/Highland_Settlers

Suirbhé faoin nGàidhlig san Astráil agus sa Nua-Shéalainn:
http://blogs.usyd.edu.au/elac/2007/07/survey_of_scottish_gaelic_in_a.html



An Eastóin



Foraois san Eastóin ***(Wikipedia Commons)***

Is é an Eastóin an tír Bháltach is lú agus is neamhchoitianta. Daonra 1.3 million atá ann. Tír liobrálach í atá tugtha don teicneolaíocht agus nach bhfuil an smál céanna ar a clú is atá ar a comharsana maidir le scéal na nGiúdach. Labhraíonn na hEastónaigh teanga chasta ghleanaithe a bhfuil gaol aici leis an bhFionlainnis, ach tá siad antugtha don Bhéarla. D'fhág cliseadh na hAontachta Sóivéadaí a lán cainteoirí Rúisise ann, agus sin scéal atá le réiteach fós.

Foraoisí, riasca agus lochanna: sin an Eastóin. Titeann an dorchadas i Mí Dheireadh Fómhair (ní bhíonn aon solas ann ach timpeall meán lae) agus ní thagann na laethanta solasmhara arís go dtí Mí Mhárta; ar éigean a bheadh oíche ar bith ann faoin Meitheamh.

D'fhág a lán tíortha eile a rian ar an Eastóin. Deirtear gurb iad teanga agus suíomh na tíre is mó thugann Eastónaigh le chéile seachas línte ginealaigh. Tháinig na Ridirí Teotanacha go luath sa 13ú haois agus thug siad an Chríostaíocht agus an Ghearmáinis leo. Cuireadh uasaicme Ghearmánach ar bun; bhídís ina gcónaí i dtithe móra agus sna cathracha, agus is beag caidreamh a bhíodh acu féin agus ag na hEastónaigh ar a chéile ar feadh i bhfad, rud a lig do na Gearmánaigh cultúr réigiúnach dá gcuid féin a shaothrú.

Chuir an Danmhairg agus an tSualainn iad féin i bhfeidhm ar an Eastóin. Ba iad na Sualannaigh a bhunaigh an príomhchathair Tallinn agus iadsan a bhunaigh Ollscoil Tartu sa bhliain 1632.

Bhuail an Reifirméisean an Eastóin, agus ba é an Protastúnachas a bhuaigh, go háirithe an Liútarachas. Deirtear gur mhór an cúnadh an Bíobla Eastóinise chun daoine a chur ag léamh agus ag scríobh. Níor tháinig na chéad nuachtáin amach go dtí na 1860í agus baint acu leis an ngluaiseacht náisiúnach. Cuireadh cumainn cheoil agus drámaíochta ar bun, agus tháinig borradh faoi litríocht sa teanga.

Ceanglaíodh an Eastóin leis an Impireacht Rúiseach go luath san 18ú haois, ach i ndiaidh an Chéad Chogadh Domhanda bhain na hEastónaigh neamhspleáchas amach: cuireadh an phoblacht nua ar bun sa bhliain 1920. Tháinig an tír faoi smacht na hAontachta Sóivéadaí sa bhliain 1940, agus bhí díbirt agus marú ann dá bharr; tháinig na Gearmánaigh sa bhliain 1941, agus cé go raibh fáilte rompu nuair a ruaig siad na fórsaí Sóivéadacha tuigeadh gan mhoill nach raibh iontu ach arm forghabhála eile. Tháinig na Sóivéadaigh ar ais sa bhliain 1944, cé gur chuir na hEastónaigh ina gcoinne go cróga; ansin thosaigh an marú agus an díbirt arís. Mar sin féin, níor chaill na hEastónaigh an tuiscint a bhí acu orthu féin mar phobal ar leith, cé gur tháinig slua cainteoirí Rúisise isteach. Nuair a thit an impireacht Shóivéadach as a chéile i ndeireadh na n-ochtóidí d'éirigh an Eastóin agus na tíortha Báltacha eile neamhspleách arís.

Tá clú ar an Eastóin anois as an leas a bhaintear as an ríomhtheicneolaíocht i gcúrsaí gnó agus riaracháin, cé nach mór cosaint an-tréan a bheith ann ar an haiceáil.

Litríocht

Ba é an chéad leabhar clóite a raibh ábhar Eastóinise ann ná aistriúchán Gearmáinis-Eastóinise den chaiticíosma Liútarach a tháinig amach sa bhliain 1535. Aistríodh an Tiomna Nua go hEastóinise an deiscirt sa bhliain 1686 agus go hEastóinise an tuaiscirt sa bhliain 1715, agus cuireadh tús le litríocht shaolta sa 17ú haois.

Is mór an tsuim a bhí ag scoláirí Eastónacha sa bhéaloideas, rud a d'fhág rian éigin ar an litríocht scríofa. Sa 19ú haois a foilsíodh an 'eipc náisiúnta' *Kalevipoeg* (Mac Kalev).

Tháinig fíorbhláthú ar an litríocht Eastóinise ó dheireadh an 19ú haois amach, cé go raibh sí ag brath ar ghóthaí polaitíochta. Chuir na húdaráis Shóivéadacha an chuid ab fhorásaí den litríocht faoi chois, ach d'éirigh le deoraithe Eastónacha brí a choinneáil inti lasmuigh den tír. Tháinig an litríocht úd abhaile arís nuair a rinneadh tír neamhspleách den Eastóin arís.

Tá cuid den fhilíocht chomhaimseartha aistrithe go Gaeilge: d'fhoilsigh Coiscéim bailiúchán trítheangach, *Tandem Neljale/Tandem for Four/Teaindim Ceathrair*, sa bhliain 2012. Is iad na filí an lánúin Andres Ehin agus Ly Sappel agus a n-iníonacha Kristiina agus Eliisa. I línte de chuid Ly aithnímid buaine na háite agus an dúlra:

Agus tá préamh na cuimhne

Ag gearradh conairí rúin

Tríd an ithir ghainmheach féin bhféar¹

Cainteoirí Rúisise

Tá timpeall 320,000 cainteoir Rúisise san Eastóin agus Eastóinise ag a leath ar a laghad. Tá a bhformhór le fáil in Tallinn agus i gcathracha an oirthuaiscirt. Chuir Lucht an tSeanchreidimh (seict Rúiseach) agus Rúisigh eile fúthu san oirthear chomh luath leis an 17ú haois, agus tháinig a lán Rúiseach eile isteach sa chéad chuid den 18ú haois. Tháinig oibrithe ón Rúis sa chéad chuid den 20ú haois de bharr bhorradh na tionsclaíochta.

Nuair a tugadh an Eastóin isteach san Aontacht Shóivéadach rinneadh géarleanúint ar na Rúisigh neamh-Shóivéadacha san Eastóin: dúnadh scoileanna agus coisceadh cumainn. Ach bhuail níos mó cainteoirí Rúiseacha isteach ón Aontacht Shóivéadach, agus faoin mbliain 1991 ba 35% den phobal iad. D'fhág titim na hAontachta na

¹Diarmuid Ó Giolláin ó Chorca Dhuibhne a rinne an leagan Gaeilge. Féach léirmheas in *Feasta*, Samhain 2012.

cainteoirí sin idir dhá áit ; níor bhain siad leis an seansaol ná leis an saol nua. I ndeireadh na dála roghnaigh mórán acu saoránacht Eastónach a bhaint amach, rud a thug orthu Eastóinis a fhoghlaim mura raibh sí acu cheana. Cuid mhaith de na cainteoirí Rúisise ní Rúisigh iad ach daoine ó réigiúin eile den iar-Aontacht Shóivéadach.

Ós rud é go scoth an Bhéarla ag an oiread sin daoine óga san Eastóin anois, cuma cé acu Eastóinis nó Rúisis atá acu ó dhúchas, tá claonadh láidir acu chun é a úsáid mar *lingua franca* eatarthu féin.



Riasc san Eastóin
(*Wikipedia Commons*)

Scéal na nGiúdach

Murab ionann an Laitvia agus an Liotuáin, comharsana Báltacha na hEastóine, níor fhág an frith-Sheimíteachas smál mór ar chlu agus ar stair na tíre.

Sa bhliain 1865 thug Sár Alasdair II na Rúise cead do na Giúdaigh cónaí san Eastóin go buan más ceardaithe, ceannaithe nó céimithe a bhí iontu. Cuireadh scoileanna Giúdacha ar bun sna 1880í, agus faoi dheireadh an 19ú haois bhí Giúdaigh in ann clárú in Ollscoil Tartu. Bhí timpeall 5,000 Giúdaigh ina gcónaí san Eastóin faoin mbliain 1913 agus bhí roinnt sionagóg ann. Rinne saighdiúirí Giúdacha a gcion i gCogadh an Neamhspleáchais idir na blianta 1918 agus 1920. B'fhéidir leis an Giúdaigh tairbhe as an Acht um Fhéinriail Chultúrtha do Mhionlaigh a cuireadh i bhfeidhm sa bhliain 1925 le maoiniú stáit.

Nuair a tháinig na Sóivéadaigh sa bhliain cuireadh deireadh le féinriail chultúrtha Ghiúdach agus le obair na neagraíochtaí Giúdacha. Dúnadh na scoileanna Giúdacha, agus díbríodh 414 Giúdach (10% den phobal) san olldbirt a tharla sa bhliain 1941. Ansin tháinig na Gearmánaigh: mharaigh siad timpeall 1,000 Giúdach, cé gur éirigh le formhór na nGiúdach an Aontacht Shóivéadach a bhaint amach. Murab ionann agus na tíortha Báltacha eile, dhiúltaigh na hEastóinaigh mar phobal a gcomharsana Giúdacha a mharú, cé go raibh baicle bheag ag cuidiú leis an Gearmánaigh.

Bhí an Eastóin faoi smacht Sóivéadach ón mbliain 1944 go dtí an bhliain 1991. Chuir mórán Giúdach fúthu san Eastóin i rith na tréimhse sin chun céim a bhaint amach nó post a fháil nuair nárbh fhéidir leo é sin a dhéanamh sa chuid eile den Aontacht Shóivéadach de bharr chlaonbheartas an Rialtais. Tháinig athbhláthú ar chúrsaí cultúir nuair a d'éirigh an Eastóin neamhspleách arís; cuireadh sionagóg nua ar bun sa bhliain 2007 agus tá an fheis chultúrtha Ghiúdach *Ariel* ar siúl ón mbliain 2004 i leith, le léachtaí, taispeántais, scannáin, cláir raidió agus ceolchoirmeacha.

Le léamh

<http://estonia.eu/>

<http://www.jewishvirtuallibrary.org/jsource/vjw/Estonia.html>

<http://investinestonia.com/en/marketing-materials/life-in-estonia>

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au .

Leaganacha simplithe

Cainteoirí na Gàidhlig

Bhí 5,313,600 duine ina gcónaí in Albain sa bhliain 2011, Bhí labhairt na Gàidhlig ag 58,652 duine os cionn trí bliana d'aois. Tá méadú tagtha ar an líon cainteoirí óga.

Tá an chuid is mó de na cainteoirí le fáil in Inse Ghall, ach, tríd is tríd, níl iontu ach timpeall 40% den phobal ann. Tá mórán cainteoirí Gàidhlig ina gcónaí i nGlaschú, i nDún Éideann, in Obar Dheathain agus in Inbhir Nis. Tá timpeall 20% de lucht na Gàidhlig le fáil i mórcheantar Ghlaschú.

Bhí cainteoirí Gàidhlig ag teacht chun na gcathrach ón 17ú haois amach. Chuaigh an chuid is mó acu chun cónaithe i nGlaschú. Chuir a bhformhór fúthu i nGlaschú. Sa bhliain 1881 bhí os cionn 11,000 cainteoir Gàidhlig ann. Chuidíodís lena chéile, agus bhí obair le fáil acu ar na duganna, i longa agus ar bháid farantóireachta.

Tá 61 bunscoil leath-Ghàidhlig ann anois agus timpeall dhá mheánscoil déag lán-Ghàidhlig.

Albain Nua

Tá Gàidhlig á labhairt fós ar Oileán Cheap Bhreatainn in Albain Nua Cheanada, in éineacht le Mí'kmaq (teanga na mBundúchasach) agus Fraincis. Ní fios go cruinn cá mhéad cainteoir dúchais Gàidhlig atá ann – 500 duine ar a laghad, is dócha. Sa 19ú haois bhí timpeall 100,000 cainteoir sa réigiún: níl le fáil anois ach seandaoine agus roinnt cainteoirí líofa ann a d'fhoghlaim an Ghàidhlig mar theanga bhreise.

Bhí doichead na húdaráis áitiúla roimh an teanga ar feadh i bhfad, ach anois tá tacaíocht le fáil ón Rialtas. Tá Coláiste na Gàidhlig ann agus tá Gàidhlig á múineadh i roinnt scoileanna.

Deirtear nach féidir Béarla agus teanga na nGael a shaothrú ar chomhchéim. Ach má tá rath na Gaeilge in Éirinn agus na Gàidhlig in Albain ag brath anois ar chainteoirí cathrach is cóir a leithéid a dhéanamh in Albain Nua.

Na Stáit Aontaithe

Sa bhliain 1735 tugadh coilínigh ó na Garbhchríocha chun Georgia toisc gur shaighdiúirí maithe iad a d'fhéadfadh an coilíneacht a chosaint ar na Spáinnigh agus ar na hIndiaigh. Bhí cainteoirí Gàidhlig eile ag teacht go dtí Carolina Thuaidh ón mbliain 1767 amach (deirtear gur fhoghlaim a gcuid sclábhaithe gorma féin an teanga). Bhí siad ag teacht fós sa 19ú haois agus iad ag cur fúthu sna cathracha agus in iarthar na tíre. Bhí 'Highland societies' ann agus tréimhseachán lán-Ghàidhlig a foilsíodh i gCeanada idir na blianta 1892 agus 1904 agus a léití ar fud na Stát.

Faoi láthair tá An Comunn Gàidhealach Ameireaganach ann.

An Astráil

Thaispeáin daonáireamh Astrálach na bliana 2011 go raibh 805 duine ag labhairt Gàidhlig sa bhaile (le hais 1,895 ag labhairt Gaeilge). Is dócha gur fomheastachán é sin.

Is beag Béarla a bhí ag formhór na gcainteoirí Gàidhlig a bhain an Astráil amach sa 19ú haois. I gcaogaídí an naoú haois déag bhí nuachtán Gàidhlig á fhoilsiú i gcoilíneacht Victoria agus á scaipeadh sna coilíneachtaí eile. Bunaíodh cumainn chultúrtha. Is é an donas go raibh lámh mhór ag cainteoirí Gàidhlig i ndíbirt agus i marú na mBundúchasach..

Tá an teanga á cur chun cinn ag Comunn Gàidhlig Astráilia.

An Eastóin

Is é an Eastóin an tír Bháltach is lú agus is neamhchoitianta. Daonra 1.3 million atá ann. Tír liobrálach í atá tugtha don teicneolaíocht. Labhraíonn na hEastónaigh teanga chasta a bhfuil gaol aici leis an bhFionlainnis. Is breá leo an Béarla mar theanga bhreise. Tá a lán cainteoirí Rúisise ann, ach tá Eastónis ag mórán acu.

Foraois, riasca agus lochanna: sin í an Eastóin. Bíonn sé dorcha ann leath na bliana agus solasmhar an leath eile.

D'fhág a lán tíortha eile a rian ar an Eastóin. Tháinig na Gearmánaigh agus rinne siad uasaicme díobh féin. Ní raibh mórán caidrimh acu ar na hEastónaigh. Tháinig na Danair agus na Sualannaigh. Ba iad na Sualannaigh a bhunaigh an phríomhchathair Tallinn agus Ollscoil Tartu.

Nuair a tháinig an Reifirméisean rinne tír Liútarach den Eastóin. Chuidigh an Bíobla Eastóinise daoine a chur ag léamh agus ag scríobh. Tháinig na chéad nuachtáin amach timpeall lár an naoú haois déag agus baint acu leis an ngluaiseacht náisiúnach. Cuireadh cumainn cheoil agus drámaíochta ar bun, agus tháinig borradh faoi litríocht sa teanga.

Ceanglaíodh an Eastóin leis an Impireacht Rúiseach go luath san 18ú haois. I ndiaidh an Chéad Chogadh Domhanda bhain na hEastónaigh neamhspleáchas amach. Tháinig an tír faoi smacht na hAontachta Sóivéadaí sa bhliain 1940, agus bhí díbirt agus marú ann dá bharr. Tháinig na Gearmánaigh sa bhliain 1941, agus maraíodh mórán daoine dá bharr. Tháinig an Aontacht Shóivéadach ar ais sa bhliain 1944. Níor chaill na hEastónaigh an tuiscint a bhí acu orthu féin mar phobal ar leith. Nuair a thit an impireacht Shóivéadach as a chéile d'éirigh an Eastóin neamhspleách arís.

Litríocht

Aistriodh an Tiomna Nua go hEastóinis sa bhliain 1686 agus sa bhliain 1715, agus cuireadh tús le litríocht shaolta sa 17ú haois.

Bhí suim mhór ag scoláirí Eastónacha sa bhéaloideas agus d'fhág sé sin a rian ar an litríocht scríofa. Sa 19ú haois foilsíodh an 'eipic náisiúnta' *Kalevipoeg* (Mac Kalev).

Tháinig bláthú ar an litríocht Eastóinise ó dheireadh an 19ú haois amach. Níor thaitin mórán di leis na húdaráis Shóivéadacha, ach d'éirigh le hintleachtóirí Eastónacha í a shaothrú taobh amuigh dá dtír féin go dtí gur tháinig deireadh leis an Aontacht Shóivéadach. Tá cuid den fhilíocht chomhaimseartha aistriithe go Gaeilge: d'fhoilsigh Coiscéim bailiúchán trítheangach sa bhliain 2012.

Cainteoirí Rúisise

Tá timpeall 320,000 cainteoir Rúisise san Eastóin. Tá Eastóinis ag mórán acu. Tá a bhformhór le fáil in Tallinn agus i gcathracha an oirthuaiscirt. Chuir Rúisigh fúthu san oirthear sa seachtú haois déag agus tháinig a lán Rúiseach eile isteach sa chéad chuid den 18ú haois. Tháinig oibrithe ón Rúis i ndiaidh na bliana 1900 de bharr bhorradh na tionsclaíochta.

Tháinig slua Rúiseach isteach sa ré Shóivéadach Nuair a tugadh an Eastóin isteach san Aontacht Shóivéadach rinneadh géarleanúint ar na Rúisigh neamh-Shóivéadacha san Eastóin: dúnadh scoileanna agus coisceadh cumainn. Ach bhuaíl níos mó cainteoirí Rúiseacha isteach ón Aontacht Shóivéadach, agus faoin mbliain 1991 ba 35% den phobal iad. Nuair a tháinig deireadh leis an Aontacht Shóivéadach roghnaigh mórán acu saoránacht Eastónach a bhaint amach, rud a thug orthu Eastóinis a fhoghlaim mura raibh sí acu cheana.

Ós rud é go bhfuil Béarla ag an oiread sin daoine óga san Eastóin anois tá claonadh láidir acu chun é a úsáid mar *lingua franca* eatarthu féin in áit Eastóinise nó Rúisise.

Scéal na nGiúdach

Tháinig mórán Giúdach sa dara cuid den naoú haois déag. Bhí timpeall 5,000 Giúdaigh ina gcónaí san Eastóin faoin mbliain 1913 agus bhí roinnt sionagóg ann.

Nuair a tháinig na Sóivéadaigh sa bhliain rinneadh iarracht ar an gcultúr Giúdach a mhúchadh. Nuair a tháinig na Gearmánaigh mharaigh siad timpeall 1,000 Giúdach, cé gur éirigh le formhór na

nGiúdach an Aontacht Shóivéadach a bhaint amach. Dhiúltaigh an chuid is mó de na hEastónaigh cuidiú leis na Gearmánaigh.

Bhain an Eastóin leis an Aontacht Shóivéadach anuas go dtí an bhliain 1991. Tháinig mórán Giúdach go dtí an Eastóin i rith na tréimhse sin chun céim a bhaint amach nó post a fháil. Ba dheacair dóibh é sin a dhéanamh sa Rúis féin. Tá saol láidir Giúdach san Eastóin anois.